II

*(Gníomhartha neamhreachtacha)*

# RIALACHÁIN

## RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2023/842 ÓN gCOIMISIÚN

**an 17 Feabhra 2023**

**lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha i dtaca le rialuithe oifigiúla a dhéanamh chun comhlíonadh na gceanglas maidir le leas ainmhithe a fhíorú i ndáil le hainmhithe a iompar ar shoithí beostoic**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Márta 2017 maidir le rialuithe oifigiúla agus gníomhaíochtaí oifigiúla eile arna ndéanamh lena áirithiú go gcuirtear i bhfeidhm dlí an bhia agus na beatha, rialacha maidir le sláinte agus leas ainmhithe, sláinte plandaí agus táirgí cosanta plandaí, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 999/2001, (CE) Uimh. 396/2005, (CE) Uimh. 1069/2009, (CE) Uimh. 1107/2009, (AE) Uimh. 1151/2012, (AE) Uimh. 652/2014, (AE) 2016/429 agus (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 1/2005 agus Rialachán (CE) Uimh. 1099/2009 ón gComhairle agus Treoracha 98/58/CE, 1999/74/CE, 2007/43/CE, 2008/119/CE agus 2008/120/CE ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 854/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus Rialachán (CE) Uimh. 882/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoracha 89/608/CEE, 89/662/CEE, 90/425/CEE, 91/496/CEE, 96/23/CE, 96/93/CE agus 97/78/CE agus Cinneadh 92/438/CEE ón gComhairle (Rialachán maidir le Rialuithe Oifigiúla) ([1]), agus go háirithe Airteagal 21(8) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (AE) 2017/625, bunaítear an creat le haghaidh rialuithe oifigiúla agus gníomhaíochtaí oifigiúla eile chun a fhíorú go bhfuil reachtaíocht an Aontais maidir leis an slabhra agraibhia á comhlíonadh.

(2) Le hAirteagal 21 de Rialachán (AE) 2017/625 leagtar síos rialacha sonracha maidir le rialuithe oifigiúla agus le haghaidh gníomhaíocht atá le déanamh ag na húdaráis inniúla i ndáil le ceanglais maidir le leas ainmhithe lena n-áirítear iad siúd a leagtar síos i Rialachán (CE) Uimh. 1/2005 ón gComhairle ([2]).

(3) Sa chomhthéacs sin, tá sraith iniúchtaí déanta ag an gCoimisiún ar chórais comhlíontachta na mBallstát chun leas ainmhithe a chosaint le linn a n-iompair chuig tríú tíortha, más rud é go mbaintear úsáid as soithí beostoic le linn cuid den turas. Ceann de na príomhchonclúidí ó iniúchtaí an Choimisiúin is ea nach leor de ghnáth an bealach a ndéanann na Ballstáit cigireachtaí ar luchtú agus ar dhíluchtú ainmhithe, i gcomhréir le hAirteagal 20 den Rialachán sin, chun an riosca a bhaineann leis an gcineál sin iompair do leas na n-ainmhithe a íoslaghdú.

([1]) IO L 95, 7.4.2017, lch. 1.

([2]) Rialachán (CE) Uimh. 1/2005 ón gComhairle an 22 Nollaig 2004 maidir le hainmhithe a chosaint le linn iompair agus le linn oibríochtaí gaolmhara agus lena leasaítear Treoir 64/432/CEE agus Treoir 93/119/CE agus Rialachán (CE) Uimh 1255/97 (IO L 3, 5.1.2005, lch. 1).

(4) Fuarthas amach in iniúchtaí an Choimisiúin go raibh laigí i gcórais chomhlíontachta na mBallstát ó thaobh pleananna teagmhasacha i gcás éigeandálaí de. Ar an gcúis sin, ba cheart do na húdaráis inniúla ag an áit imeachta a áirithiú go mbeidh plean teagmhasach ag an iompróir i gcás éigeandálaí agus go gcomhlíonfaidh an plean teagmhasach na ceanglais ábhartha.

(5) De bhun Threoir 2009/16/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]), tá na Ballstáit uile a bhfuil calafoirt mhuirí acu chun cigireachtaí maidir le rialú Stáit ar chalafoirt a dhéanamh ar longa a thugann cuairt ar a gcalafoirt. D'fhéadfadh torthaí na gcigireachtaí maidir le rialú Stáit ar chalafoirt a bheith ábhartha do na cigireachtaí a cheanglaítear le hAirteagal 20(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1/2005, amhail easnaimh a braitheadh a bhaineann le huiscedhíonacht, aeráil, snámhacht, nó trealamh comhraic dóiteáin. Dá bhrí sin, is gá don údarás inniúil torthaí na gcigireachtaí sin a chur san áireamh agus cigireacht á déanamh aige ar shoithí beostoic le linn an luchtaithe agus an díluchtaithe.

(6) Is tréidlianna oifigiúla den chuid is mó iad na cigirí ó na húdaráis inniúla a dhéanann na cigireachtaí ar shoithí beostoic. Ní leor inniúlacht tréidliachta amháin chun seiceáil a dhéanamh ar fheidhmiú chórais mheicniúla agus bhainistíochta na soithí beostoic a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar leas na n-ainmhithe atá á n-iompar. Mar a mholtar sa doiciméad Líonra ([4]), na foirne a dhéanann cigireachtaí ar luchtú coinsíneachtaí d'ainmhithe beo, dá bhforáiltear in Airteagal 20 de Rialachán (CE) Uimh. 1/2005, ba cheart do na foirne sin a bheith comhdhéanta de thréidlianna oifigiúla agus saineolaithe muirí ag a bhfuil an saineolas iomchuí ar na córais mheicniúla agus bhainistíochta sin agus taithí phraiticiúil ar oibriú soithí beostoic.

(7) I gcás ina gcuirtear ainmhithe i láthair lena luchtú agus lena ndíluchtú ar shoithí beostoic ag pointí imeachta ag calafoirt, ba cheart am leordhóthanach a bheith ag na húdaráis inniúla measúnú a dhéanamh an gcomhlíonann soithí beostoic na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 20 de Rialachán (CE) Uimh. 1/2005 agus in Airteagal 21(2), pointe (c) de Rialachán (AE) 2017/625. Dá bhrí sin, ba cheart d'eagraí turais an doiciméadacht ábhartha a chur ar fáil do na húdaráis inniúla sin cúig lá oibre ar a laghad roimh dháta na cigireachta nó roimh dháta na rialuithe oifigiúla ar an soitheach beostoic.

(8) Ba cheart do na húdaráis inniúla ag pointí imeachta sna calafoirt cigireacht fhisiceach a dhéanamh freisin tar éis na hainmhithe a luchtú ar an soitheach beostoic chun a fhíorú go bhfuil dáileadh na n-ainmhithe sna locaí i gcomhréir leis na lamháltais spáis a leagtar síos i gCaibidil VII d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1/2005.

(9) Chun amharcthaifead a choinneáil ar staid an tsoithigh beostoic agus ar na hainmhithe a bhfuil sé beartaithe iad a luchtú, ba cheart do chigirí na n-údarás inniúil fianaise a bhailiú trí bhíthin grianghraif nó físeáin d'aon neamhchomhlíonadh ar bord agus d'aon ní eile ar dócha go mbeadh tionchar diúltach aige ar leas na n-ainmhithe. Ba cheart do na húdaráis inniúla na grianghraif nó na físeáin sin a choinneáil go ceann na tréimhse a bheidh deimhniú um fhormheas an tsoithigh beostoic bailí.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Ábhar agus raon feidhme**

Leis an Rialachán seo bunaítear rialacha maidir le rialuithe oifigiúla a dhéanamh dá dtagraítear in Airteagal 21(2) de Rialachán (AE) 2017/625, agus go háirithe, maidir le cigireachtaí de bhun Airteagal 20 de Rialachán (CE) Uimh. 1/2005.

([3]) Treoir 2009/16/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Aibreán 2009 maidir le rialú stáit ar chalafoirt (IO L 131, 28.5.2009, lch. 57).

([4]) Doiciméad Líonra maidir le Soithí Beostoic, le fáil ar https://circabc.europa.eu/ui/group/f41c4e1d-22a1-4e7b-aa31-cd16f126037d/library/d1bdd5a7-2e73-4f9a-97e2-c0975fc713a1/details.

*Airteagal 2*

**Sainmhínithe**

1. Chun críocha an Rialacháin seo, beidh feidhm ag na sainmhínithe in Airteagal 2 de Rialachán (CE) Uimh. 1/2005.

2. ciallaíonn "cigireacht maidir le rialú Stáit ar chalafoirt" cigireacht arna déanamh ag údaráis rialaithe Stáit ar chalafoirt i gcomhréir le Treoir 2009/16/CE

*Airteagal 3*

**Seiceálacha doiciméadacha ar phleananna teagmhasacha i gcás éigeandálaí**

I gcás ina n-iompraítear ainmhithe chuig tríú tíortha agus ina n-úsáidtear soithí beostoic le linn cuid den turas, fíoróidh na húdaráis inniúla ag an áit imeachta go gcomhlíonann na pleananna teagmhasacha a bheadh ann i gcás éigeandálaí na ceanglais dá bhforáiltear in Airteagal 7 de Rialachán Cur Chun Feidhme ón gCoimisiún ([5])

*Airteagal 4*

**Torthaí na gcigireachtaí maidir le rialú Stáit ar chalafoirt**

Chun cinntí feasacha a dhéanamh agus cigireacht á déanamh ar shoithí beostoic le linn an luchtaithe agus an díluchtaithe chun críocha Airteagal 20 de Rialachán (CE) Uimh. 1/2005, cuirfidh na húdaráis inniúla san áireamh torthaí ábhartha na gcigireachtaí maidir le rialú Stáit ar chalafoirt atá ar fáil don phobal.

*Airteagal 5*

**Foirne cigirí le haghaidh soithí beostoic**

1. Áiritheoidh na húdaráis inniúla gur foireann cigirí a dhéanfaidh cigireachtaí ar luchtú na soithí beostoic, dá bhforáiltear in Airteagal 20 de Rialachán (CE) Uimh. 1/2005, agus gur iadsan a dhéanfaidh rialuithe oifigiúla ag pointí imeachta ag calafoirt, dá bhforáiltear in Airteagal 21(2), pointe (c) de Rialachán (AE) 2017/625.

2. Ar an bhfoireann cigirí beidh, ar a laghad:

(a) tréidlia oifigiúil; agus

(b) saineolaí muirí arna údarú ag údaráis mhuirí an Bhallstáit.

3. Comhlíonfaidh an saineolaí muirí dá dtagraítear i mír 2, pointe (b), ceann amháin de na ceanglais seo a leanas ar a laghad:

(a) cáilíochtaí iomchuí a bheith aige ó institiúid mhuirí nó loingseoireachta atá aitheanta ag na Ballstáit agus taithí ábhartha mhuirghabhála mar oifigeach loinge faoi dheimhniú ag a bhfuil deimhniú inniúlachta bailí STCW II/2 nó III/2 dá bhforáiltear sa Coinbhinsiún Idirnáisiúnta maidir le Caighdeáin Oiliúna, Deimhniúcháin agus Faire do Mharaithe (STCW) agus nach bhfuil teoranta a mhéid a bhaineann leis an limistéar oibríochta, leis an gcumhacht tiomána nó leis an tonnáiste;

(b) scrúdú a bheith déanta aige mar ailtire cabhlaigh, innealtóir meicniúil nó innealtóir a bhaineann leis an réimse muirí, ar scrúdú é atá aitheanta ag na húdaráis mhuirí fhreagracha, agus obair sa cháil sin a bheith curtha de ar feadh cúig bliana ar a laghad; nó

---

([5]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/372 ón gCoimisiún an 17 Feabhra 2023 lena leagtar síos rialacha maidir le taifid i scríbhinn ar rialuithe oifigiúla arna ndéanamh ar shoithí beostoic a thaifeadadh, a stóráil agus a chomhroinnt, rialacha maidir le pleananna teagmhasacha le haghaidh soithí beostoic i gcás éigeandálaí, maidir le soithí beostoic a fhormheas agus maidir leis na híoscheanglais is infheidhme maidir le pointí imeachta (OJ L 51, 20.2.2023, lch. 32).

(c) céim ollscoile ábhartha nó céim chomhionann ó institiúid threasach a bheith aige laistigh de réimse ábhartha innealtóireachta nó eolaíochta, agus atá aitheanta ag an mBallstát.

*Airteagal 6*

**Cigireachtaí ar shoithí beostoic le linn an luchtaithe agus an díluchtaithe ag pointí imeachta ag calafoirt**

1. Nuair a chuirfear ainmhithe i láthair lena luchtú agus lena ndíluchtú ar shoithí beostoic ag pointí imeachta, cuirfidh an t-eagraí na doiciméid seo a leanas ar fáil don údarás inniúil ag na pointí imeachta cúig lá oibre ar a laghad roimh dháta na cigireachta ar na soithí beostoic dá bhforáiltear in Airteagal 20 de Rialachán (CE) Uimh. 1/2005, nó dáta na rialuithe oifigiúla dá bhforáiltear in Airteagal 21(2), pointe (c) de Rialachán (AE) 2017/625:

(a) cóip den údarú iompróra le haghaidh chéim na farraige den turas dá bhforáiltear in Airteagal 10(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1/2005;

(b) i gcás turais fhada, cóip den údarú iompróra agus de na pleananna teagmhasacha le haghaidh chéim na farraige den turas i gcás éigeandálaí dá bhforáiltear in Airteagal 11(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1/2005.

2. Déanfaidh na húdaráis inniúla ag na pointí imeachta ag calafoirt an méid seo a leanas:

(a) a fhíorú go gcomhlíonann na pleananna teagmhais i gcás éigeandálaí dá bhforáiltear in Airteagal 11(1), pointe (b)(iv), de Rialachán (CE) Uimh. 1/2005 na ceanglais dá bhforáiltear in Airteagal 7 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/372 agus

(b) a fhíorú, trí chigireacht fhisiceach, go gcomhlíonann dáileadh na n-ainmhithe sna locaí na ceanglais maidir le lamháltais spáis a leagtar síos i gCaibidil VII d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1/2005.

*Airteagal 7*

**Fianaise amhairc ar chigireachtaí agus ar rialuithe oifigiúla**

1. Agus cigireachtaí agus rialuithe oifigiúla á ndéanamh acu i gcomhréir le hAirteagal 5(1) den Rialachán seo, tógfaidh údaráis inniúla Bhallstát an chalafoirt ina ndéantar na hainmhithe a dhíluchtú agus a luchtú, i gcomhréir le hAirteagal 20 de Rialachán (CE) Uimh. 1/2005, grianghraif nó físeáin den mhéid seo a leanas:

(a) aon ghné tógála nó trealamh a leagtar síos i gCaibidil IV, Roinn 1, d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1/2005 nach gcomhlíonann an Roinn sin, agus

(b) aon ní eile a chuireann easnaimh in iúl, nach gcomhlíonann na forálacha ábhartha, nó ar dócha go mbeidh tionchar diúltach aige ar leas na n-ainmhithe.

2. Na grianghraif nó na físeáin a tógadh le linn na gcigireachtaí agus na rialuithe oifigiúla dá bhforáiltear i mír 1, beidh siad i gceangal leis na comhaid chigireachta agus coinneoidh na húdaráis inniúla iad go ceann na tréimhse a bheidh deimhniú um fhormheas an tsoithigh beostoic bailí.

*Airteagal 8*

**Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 17 Feabhra 2023.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN